2024/3239

23.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3239 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi chúig ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontaetha Norfolk agus Yorkshire, Sasana, ráigeanna a deimhníodh idir an 10 Nollaig 2024 agus an 16 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(6) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 17 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California (4), Iowa (3), Missouri (1), Nebraska (1), Oklahoma (2), agus South Dakota (6), ráigeanna a deimhníodh idir an 3 Nollaig 2024 agus an 11 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(8) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineacha a tharla le déanaí.

(9) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(11) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach á cur san áireamh, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.332 go GB-2.336 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.331:

'GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.332	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		10.12.2024	
	GB-2.333		N, P1		10.12.2024	
	GB-2.334		N, P1		10.12.2024	
	GB-2.335		N, P1		16.12.2024	
	GB-2.336		N, P1		16.12.2024'	

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.743 go US-2.759 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.742:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.743	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.12.2024	
	US-2.744		N, P1		9.12.2024	
	US-2.745		N, P1		9.12.2024	
	US-2.746		N, P1		6.12.2024	
	US-2.747		N, P1		9.12.2024	
	US-2.748		N, P1		5.12.2024	
	US-2.749		N, P1		10.12.2024	
	US-2.750		N, P1		10.12.2024	
	US-2.751		N, P1		10.12.2024	
	US-2.752		N, P1		11.12.2024	
	US-2.753		N, P1		11.12.2024	
	US-2.754		N, P1		11.12.2024	
	US-2.755		N, P1		10.12.2024	
	US-2.756		N, P1		6.12.2024	
	US-2.757		N, P1		10.12.2024	
	US-2.758		N, P1		10.12.2024	
	US-2.759		N, P1		11.12.2024'	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.332 go GB-2.336 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.331:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.332	near Dereham, Mid Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.61 and Long: E0.95
	GB-2.333	near Watton, Mid Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.60 and Long: E0.92

	GB-2.334	near Beverley, East Riding of Yorkshire, Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.92 and Long: W0.45
	GB-2.335	near Attleborough, Breckland, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.48 and Long: E0.95
	GB-2.336	near Gayton, Kings Lynn and West Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.77 and Long: E0.58'

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.743 go US-2.759 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.742:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.743	State of Oklahoma Adair 01 Adair County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.6480074°W 36.1820615°N)
	US-2.744	State of South Dakota Hutchinson 05 Hutchinson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.6491903°W 43.2647367°N)
	US-2.745	State of South Dakota Beadle 14 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.1435771°W 44.5768659°N)
	US-2.746	State of Iowa Sioux 03 Sioux County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.2343464°W 43.1420431°N)
	US-2.747	State of California Kern 03 Kern County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 118.9750624°W 35.3839821°N)
	US-2.748	State of California Stanislaus 10 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.9339555°W 37.5583185°N)
	US-2.749	State of South Dakota Beadle 15 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9602797°W 44.7087578°N)
	US-2.750	State of South Dakota Charles Mix 11 Charles Mix County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.4674689°W 43.3093378°N)

	US-2.751	State of South Dakota Moody 02 Moody County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.4661489°W 44.1498563°N)
	US-2.752	State of South Dakota Brule 05 Brule County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.8847887°W 43.7372590°N)
	US-2.753	State of Iowa Sioux 04 Sioux County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.2515298°W 43.1886323°N)
	US-2.754	State of Iowa Palo Alto 01 Palo Alto County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.7861017°W 43.1301756°N)
	US-2.755	State of Missouri Daviess 01 Daviess County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.8221299°W 40.0651560°N)
	US-2.756	State of Nebraska Nemaha 01 Nemaha County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.9149895°W 40.5963533°N)
	US-2.757	State of California Tulare 08 Tulare County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.3252996°W 36.5593282°N)
	US-2.758	State of California Stanislaus 11 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8210098°W 37.7940851°N)
	US-2.759	State of Oklahoma Adair 02 Adair County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.6422905°W 36.1749414°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.332 go GB-2.336 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.331:

‘GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.332	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	GB-2.333	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	

	GB-2.334	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	GB-2.335	POU, RAT	N, P1		16.12.2024	
		GBM	P1		16.12.2024	
	GB-2.336	POU, RAT	N, P1		16.12.2024	
		GBM	P1		16.12.2024’	

(b) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.743 go US-2.759 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.742:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.743	POU, RAT	N, P1		3.12.2024	
		GBM	P1		3.12.2024	
	US-2.744	POU, RAT	N, P1		9.12.2024	
		GBM	P1		9.12.2024	
	US-2.745	POU, RAT	N, P1		9.12.2024	
		GBM	P1		9.12.2024	
	US-2.746	POU, RAT	N, P1		6.12.2024	
		GBM	P1		6.12.2024	
	US-2.747	POU, RAT	N, P1		9.12.2024	
		GBM	P1		9.12.2024	
	US-2.748	POU, RAT	N, P1		5.12.2024	
		GBM	P1		5.12.2024.	
	US-2.749	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	US-2.750	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	US-2.751	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	US-2.752	POU, RAT	N, P1		11.12.2024	
		GBM	P1		11.12.2024	
	US-2.753	POU, RAT	N, P1		11.12.2024	
		GBM	P1		11.12.2024	
	US-2.754	POU, RAT	N, P1		11.12.2024	
		GBM	P1		11.12.2024	
	US-2.755	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	

	US-2.756	POU, RAT	N, P1		6.12.2024	
		GBM	P1		6.12.2024	
	US-2.757	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	US-2.758	POU, RAT	N, P1		10.12.2024	
		GBM	P1		10.12.2024	
	US-2.759	POU, RAT	N, P1		11.12.2024	
		GBM	P1		11.12.2024'.	